



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

9272/22

Comhad Idirinstiúideach:
2022/0142 (NLE)

AGRI 206
FORETS 36
DEVGEN 97
ENV 449
RELEX 667
JUR 352
PROBA 18

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le cur i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphoblacht na Guáine maidir le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil i dtáirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach

CINNEADH (AE) .../... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

maidir le cur i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphoblacht na Guáine maidir le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil i dtáirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(3), an chéad fhomhír, agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a)(v) agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa¹⁺,

¹ IO C ..., ..., lch.

⁺ IO: comhlánaigh, le do thoil, tagairt IO san fhonóta.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 21 Bealtaine 2003, ghlac an Coimisiún teachtaireacht chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa dar teideal *Forest Law Enforcement, Governance and Trade (FLEGT): proposal for an EU Action Plan* [Forfheidhmiú an Dlí i dtaca le foraoisí, Rialachas agus Trádáil (FLEGT): Togra le haghaidh plean gníomhaíochta AE]. Iarradh sa Plean Gníomhaíochta a leagtar amach sa teachtaireacht sin ('Plean Gníomhaíochta FLEGT') ar bhearta chun aghaidh a thabhairt ar logánú neamhdhleathach trí Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Saorálaí a fhorbairt le tíortha táirgthe adhmaid. Ghlac an Chomhairle a conclúidí maidir leis an bplean gníomhaíochta an 13 Deireadh Fómhair 2003 agus ghlac Parlaimint na hEorpa a rún ar an ábhar an 11 Iúil 2005.
- (2) I gcomhréir le Cinneadh (AE)2022/...¹⁺ ón gComhairle, síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphoblacht na Guáine maidir le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil i dtáirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach ('an Comhaontú') an ...⁺⁺, faoi réir a chur i gcrích ar dháta níos déanaí.
- (3) Ba cheart an Comhaontú a fhorpheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

¹ Cinneadh (AE) 2022/... an... ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphoblacht na Guáine maidir le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil i dtáirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (IO L ..., ..., lch. ...).

⁺ IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá sa dhoiciméad ST 9086/22 agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Chinnidh sin san fhonóta.

⁺⁺ IO: cuir isteach le do thoil dáta sínithe an Chomhaontaithe.

Airteagal 1

Déantar an Comhaontú Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphoblacht na Guáine maidir le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil i dtáirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach a fhorghnóthú thar ceann an Aontais¹⁺.

Airteagal 2

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 33 den Chomhaontú.²

Airteagal 3

Déanfaidh an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste Faireacháin agus Athbhreithnithe arna bhunú faoi Airteagal 20 den Chomhaontú.

Féadfaidh na Ballstáit páirt a ghlacadh i gcruinnithe de chuid an Chomhchoiste Faireacháin agus Athbhreithnithe mar chomhaltaí de thoscaireacht an Aontais.

¹ Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in ... [cuir isteach tagairt IO].

⁺ Toiscaireachtaí/IO: féach doiciméad ST 9271/22.

² Foilseofar dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ag Ardrúnaíocht na Comhairle.

Airteagal 4

D'fhonn leasú a dhéanamh ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú faoi Airteagal 27 den Chomaontú, údaraítear don Choimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005¹ ón gComhairle, aon leasú den sórt sin a fhorghnas thar ceann an Aontais.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

¹ Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le scéim ceadúnúchán FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach (IO L 347, 30.12.2005, lch. 1).